



Téama Déileáil go comhionann le daoine? – Cearta an Duine

Roinn 1: Mo chearta

Cad is cearta ann? Cad as ar tháinig siad? Agus cén tionchar a bhíonn acu ar a chéile? Agus cén gaol atá idir cearta, easnaimh agus riachtanais? Tugtar forléargas sa roinn seo ar cad is cearta an duine ann, conas a foirmíodh iad, agus cén tionchar a bhíonn acu ar ár saol laethúil.

Rabhadh: Tabhair do d'aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D'fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air seo chun a bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltaí scoile.

Torthaí foghlama na roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- Tuiscint a fháil ar cad is cearta ann
- Bunús na gceart nua-aimseartha a fhoghlaim
- Tuiscint a fhorbairt ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí féin

Acmhainní a sholáthraítear

Acmhainn 1	Liosta de chearta
Acmhainn 2	Bunús Chearta an Duine
Acmhainn 3	Dá mba rud é...?

Gníomhaíocht Ranga 1: Cearta a thuiscint

Bíonn go leor plé timpeall orainn i gcónaí maidir le cearta. Ach cad iad cearta dáiríre? Agus cad dó a seasann siad dúinne? Chun ullmhú i gcomhair an cheachta seo, taispeáin do na daltaí an ghearrthán gearr scannáin seo a leanas ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cearta an duine. Ansin, saor balla amháin i do sheomra ranga. Iarr ar na daltaí a bheith ag obair ina n-aonar chun ceart amháin go dtí trí cheart atá tábhachtach leo a roghnú ar chúiseanna pearsanta. Iarr orthu gach ceann de na cearta sin a scríobh ar nóta greamaitheach. Ansin iarr orthu na nótaí greamaitheacha a roinnt lena gcairde agus iad a ghreamú ar an mballa, agus, más mian leo, a mhíniú conas a théann gach ceart i gcion ar a saol laethúil. Más rud é nach bhfuil siad cinnte cén áit ar cheart dóibh tosú, scaip orthu Acmhainn 1 ina bhfuil liosta de chearta.



<https://www.youtube.com/watch?v=JpY9s1Agbsw>



Gníomhaíocht Ranga 2: Catagóirí na gceart

Cad iad na cineálacha éagsúla de chearta atá ann? An féidir linn patrún a fheiceáil i gcearta sonracha - nó catagóiriú de chineál ar bith? Iarr ar na daltaí na nótaí greamaitheacha a ghrúpáil ionas gur féidir leo braislí téamacha a chruthú. Is féidir leo a gcatagóirí féin a roghnú chun dul ar aghaidh leis sin. A luaithe a bheidh an cúram sin críochnaithe acu, fiafraigh díobh na braislí éagsúla a ainmniú. Déan comhghairdeas leo as 'Balla de Chearta' dá gcuid féin a chruthú. Pléigh leo cé acu a cheap siad an cúram sin a bheith éasca nó deacair. Iarr orthu a gcuid freagraí a mhíniú.

Gníomhaíocht ghrúpa 1: An bhfuil cearta eisiach i gcásanna áirithe?

Tá tú anois chun plé a dhéanamh leis na daltaí faoi na difríochtaí idir cearta mionlaigh agus cearta an duine. Don ghníomhaíocht sin, roinn do rang i gceithre ghrúpa atá mórán ar cóimhéid. Tosaigh leis an abairt seo a scríobh ar do chlár dubh/bán: 'Is ann do chearta chun go ndéanfaí cosaint ar gach duine agus ní hamháin ar ghrúpaí sonracha,' agus iarr orthu é sin a phlé ina ngrúpaí. Ní mór do gach grúpa a dtuairim a chur in iúl cé acu a aontaíonn siad leis an ráiteas sin nó nach n-aontaíonn, agus cén fáth. Ansin is féidir leat iad a spreagadh chun feabhsú breise a dhéanamh ar an mballa de chearta sa seomra ranga agus na cearta sin nár luadh cheana a chur suas anois air. Chun tuilleadh faisnéise a fháil chun cabhrú leo tacú lena gcás, ba cheart do na grúpaí rochtain a fháil ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (atá ar fáil i dteangacha éagsúla) agus ar na pacáistí acmhainní seo a leanas:



Minorities' rights



Children



Indigenous peoples





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Women's rights



LGBTI



<http://www.ohchr.org/EN/UDHR/Pages/SearchByLang.aspx>

Gníomhaíocht Ranga 3: Léargas croineolaíoch ar na Cearta

Tá sé tábhachtach a thuiscint nárbh ann i do chearta i gcónaí. Bunaíodh iad mar gheall ar imeachtaí nó staideanna sonracha, nó oiriúnaíodh iad i rith na n-aoiseanna agus tháinig forás orthu. Iarr orthu ceart amháin a phiocadh óna 'mBalla de Chearta' agus déan machnamh ar na himeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis lena bhunú. Ar réabhlóid é? B'fhéidir rud éigin a bhain leis na Náisiúin Aontaithe nó le cealú na sclábhaíochta nó eachtra eile ón stair. Maidir le cearta áirithe, is furasta a mbunús a thuiscint ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh héasca sin le cearta eile. Chun cabhrú leo sa phróiseas sin, dáil orthu Acmhainn 2 maidir le bunús Chearta an Duine.

Gníomhaíocht Ranga 4: Breathnú ar cheart ag teacht ar an saol

Tá gné dlíthiúil ag cearta an lae inniu. Ach cad a tharla san am atá caite sular deimhníodh cearta sonracha go dlíthiúil? Iarr ar na daltaí smaoineamh ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí mionlaigh ag a bhfuil saincheisteanna dlíthiúla agus/nó sóisialta nó a bhfuil orthu fós aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sula mbunófar na cearta sin dóibh. D'fhéadfá moltaí a thabhairt dóibh amháil: cearta vótála do mhná, mí-úsáid leanaí nó ban, nó idirdhealú ar bhonn LADT (daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha). Is féidir leat freisin a n-aird a dhíriú ar dhoiciméad de chuid Amnesty International, **Foréigean in aghaidh na mBan** trí chliceáil ar an nasc seo a leanas:



<http://www.amnestyusa.org/our-work/issues/women-s-rights/violence-against-women/violence-against-women-information>

Is féidir leat freisin an gearrthán seo a leanas ó NA a thaispeáint dóibh:



ÁRAS STAIR NA HEORPA



https://www.youtube.com/watch?v=XvpHn_zdkTY

Gníomhaíocht Ranga 5: Riachtanais nó Cearta nó Riachtanais

Is féidir linn a mheas go bhfuil an t-ádh linn a bheith ag maireachtáil i sochaithe ina n-urramaítear cearta. Ach an féidir talamh slán a dhéanamh den urraim sin? Tabhair scéal morálta do na daltaí: samhlaigh go bhfuil an baile nó an áit a bhfuil cónaí ort faoi bhagairt. Cé acu cearta a bheidh tú sásta a thabhairt suas chun an tslándáil phoiblí a áirithiú. Déan Acmhainn 2 a dháileadh chun tús a chur leis an ngníomhaíocht. Míneigh gur cheart go mbeadh ar na daltaí filleadh ar a ‘mBalla de Chearta’ agus déan na nótaí greamaitheacha a atheagrú in dhá phríomhchatagóir de chearta – na cearta a ndiúltoídís go hiomlán iad a thabhairt suas agus na cearta a bheidís sásta a íobairt. Cuir in iúl dóibh gur cheart dóibh go léir oibriú le chéile agus an toradh deiridh á chinneadh acu. Is é an toradh atá go bunúsach air ná go ndéanfaidís togra eile a chur chuig an rialtas nó chuig na húdaráis rialaithe faoi na cearta a bheidís agus nach mbeidís sásta a chailliúint. A luaithe a bheidh siad críochnaithe, iarr orthu údar cuí a thabhairt dá rogha; ansin, míneigh nach n-aontaíonn an rialtas lena gcatagóirí ar chearta agus gur mian leis bearta níos déine a fhorchur. Ba cheart dóibh filleadh anois ar an gcatagóir ‘cearta a ndiúltoídís go hiomlán iad a thabhairt suas’, gan ach 50 % de na cearta a fhágáil ann, agus an chuid eile a bhogadh go dtí an chatagóir eile. Déan an ghníomhaíocht arís agus arís eile go dtí go gceapfaidh na daltaí nach féidir leo aon chearta eile a bhogadh. Fiafraigh díobh ar ghníomhaíocht dheacair dóibh é agus cén fáth.

Is féidir leat ag an bpointe seo plé scoir a bheith agat leis na daltaí. Fiafraigh díobh: cé chomh fada agus atáimid sásta dul chun a ráthú go bhfuil gach a dteastaíonn uainn againn? Féadfaidh na daltaí vótáil freisin faoi rún i dtaobh arbh fhearr leo rochtain a bheith acu ar na cearta bunúsacha chun bia, foscaidh fostaíochta, etc, fad a thabharfaidh siad suas cearta sochaíocha eile amhail, saoirse cainte agus urlabhra, saoirse creidimh, etc. Aincheist dhúshlánach, ach aincheist a chaithfidh na daltaí a bhreithniú go cúramach!